

Tuarascáil an Ard-Stiúrthóra

Chuig: An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus Cosanta, An tUas. Alan Shatter, T.D.



A Aire,

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil Sheirbhís Phríosúin na hÉireann 2011 a chur faoi do bhráid.

Lean sábháilteacht agus slándáil na bpríosún, bainistiú ar líon na bpríosúnach agus soláthar cóiríochta agus seirbhísí cuí do phríosúnaigh de bheith ina ngníomhaíochtaí tosaíochta le linn 2011.

Maidir le saoráidí nua príosúin a thógáil ag Halla Bhaile na Sceach agus ag Cill Uird chun Príosúin Mhuinseo agus Chorcaí a athchur, ní féidir é seo a dhéanamh anois sa ghearrthéarma go dtí an meántéarma, mar a bhí ar intinn, de bharr sriantachtaí eacnamaíocha. Ach seasann Seirbhís Phríosúin na hÉireann leis an gcuispóir maidir le sláintíocht a sholáthar sna cillíní i ngach príosún agus saoráidí as dáta príosúin a uasghrádú. Beidh na cuspóirí seo ina ndlúthchuid denár bPlean Straitéiseach nua 3 Bliana a bheidh in éifeacht ó Aibreán 2012 go dtí Aibreán 2015.

Creidimse go mbeidh an Plean Straitéiseach 3 Bliana de chuid Sheirbhís Phríosúin na hÉireann ina bhunchloch chun seirbhís príosún a sheachadadh atá fíor-nua-aoiseach agus ar féidir léi deiseanna feabhsaithe athinmheacháin a sholáthar do phríosúnaigh agus leas inláimhsithe a sholáthar don phobal.

Líon na bPríosúnach

De thoradh an mheádaithe ar líon na bpríosúnach le blianta beaga anuas, tá brú ollmhór ar an tseirbhís príosún ar an iomlán, idir chóiríocht agus sholáthar seirbhísí do phríosúnaigh lena n-áirítear oiliúint oibre / oideachas, cúram sláinte agus seirbhísí coireála drugaí. Is cosúil, áfach, go bhfuil an méadú ar líon na bpríosúnach a chimítear gach bliain ag cobhsú nó ag cothromú; in 2011 ní raibh ach méadú de 0.8% ar fhiigiúr na bliana roimhe, i gcomparáid le méaduithe de 13.6%, 13.8% agus 11.4% faoi seach bliain i ndiaidh bliana in 2008, 2009 agus 2010.

Cigire na bPríosún

Lean Seirbhís Phríosúin na hÉireann d'oibriú go dlúth le Cigire na bPríosún in 2011 chun an oiread moltaí dá chuid agus b'indéanta a chur i bhfeidhm.

Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2012 – 2014

Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le Comhaontú na Seirbhíse Poiblí a chur i bhfeidhm sa tseirbhís príosún le linn 2011. Dearbhaíodh é seo sa chéad tuarascáil de chuid Chomhlacht Forfheidhmithe Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí. Chuir tacaíocht leantach Chathaoirleach na hEarnála, an tUasal Mícheál Mac Giolla Uain, agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go suntasach leis an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo.

Ag tús 2012 beidh an Bunathrú ag díriú ar chur i bhfeidhm foriomlán chinntí phróiseas an Athbheithnithe Taisc laistigh den cheangal ama ag deireadh 2012.

Conclúid

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le lucht bainistíochta agus lucht foirne Sheirbhís Phríosúin na hÉireann as a dtiomantas agus a ngairmiúlacht leantach.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil chomh maith leis an Aire, le hArd-Rúnaí na Roinne agus lena chuid foirne ar fad, go háirithe iad siúd atá sa Rannán um Beartas Príosún agus Promhaidh, as a gcuid cúnamh agus a gcuid tacaíochta.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Cathaoirleach agus baill Bhord Eatramhach Údarás na bPríosún, a díscailleadh in Iúil 2011, as an tacaíocht, an tiomantas agus an saineolas a a thug siad leo go dtí an tseirbhís príosún le linn tréimhse inar tháinig athruithe ollmhóra.

Michael Donnellan

Ard-Stiúrthóir

Forbhreathnú ar Sheirbhís Phríosúin na hÉireann

Ár Misean

Coimeád sábháilte, dínit cúraim agus athinmheachán a sholáthar do phríosúnaigh ar mhaithe le pobail níos sábháilte.

Ár bhFís

Pobal níos sábháilte trí bharr feabhais i seirbhís príosún a thógtar ar mheas do dhínit an duine.

Ár Luacha

Service: We serve the public.

Sábháilteacht an Phobail: Mar chuid ríthábhachtach den chóras ceartais choiriúil déanaimid iarracht cur go dearfach le sábháilteacht an phobail.

Ceannaireacht: Is é ár dtoilmhian bheith inár n-eiseamláirí dearfacha agus daoine eile a spreagadh chun barr feabhais a bhaint amach.

Ionracas: Gníomhaímid go dleathach, go trédhearcach, go macánta, go hiontaofa, go cóir agus go heiticiúil.

Meas: Is le cúirtéiseacht agus meas a chaithimid le gach duine, agus cúram orainn i leith a ndínite, a gcomhionannais agus a gceart daonna.

Bunaithe ar Phrionsabail: Tugaimid an deis do chiontóirí tabhairt faoi chláir agus gníomhaíochtaí oiriúnacha d'fhonn a saol a fheabhsú ar mhaithe le pobal níos sábháilte. Cuirimid na prionsabail – normalú, freagracht phearsanta, indibhidiúlú, neamh-idirdhealú, dul chun cinn agus athimeascadh – i bhfeidhm go cuí.

Comhoibriú: Oibrímid le chéile, agus cruthaímid comhpháirtíochtaí le gníomhaireachtaí eile ionas go dtairbhíonn ár bhfeidhmíocht de réimse leathan peirspictíochtaí, léargas agus comhairle.

Freagracht: Táimid freagrach dúinn féin agus do dhaoine eile as ár ngníomhartha agus ár gcinntí.

Saol an Teaghlaigh agus an Phobail: Cabhraímid le ciontóirí, más cuí, chun caidreamh teaghlaigh agus teagmháil leis an mórfhobal a choimeád.

Misneach: Déanaimid an rud ceart, fiú i gcás doinmhí.

Barr Feabhais: Iompraímid muid féin go dearscnaitheach.

An Eagraíocht

Dílsítear freagracht pholaitiúil as an gcóras príosúin in Éirinn don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Feidhmíonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann mar ghníomhaireacht feidhmiúcháin laistigh den Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Tá sé faoi stiúir Ard-Stiúrthóra, agus tacaíonn 7 stiúrthóirí leis / léi.

Déileálann Seirbhís Phríosúin na hÉireann le ciontóirí fireanna atá 16 bliana d'aois nó os a

chionn agus le ciontóirí baineanna atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn.

Riartar Seirbhís Phríosúin na hÉireann go lárnach, agus tá ceanncheathrú na Seirbhíse sa Longfort.



Buiséad

Ba é **€347.583 milliún** an buiséad bliantúil do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann i gcomhair 2011.

Soláthar Foirne

Ag deireadh 2011 bhí 3,488 ball foirne i Seirbhís Phríosúin na hÉireann, lena n-áiríodh gráid shibhialtacha agus foireann na ceanncheathrún.

Creatlach Reachtúil

Feidhmíonn an tSeirbhís faoi chuimsiú creatlach reachtúil ina gcuimsítear:

- Achtanna na bPríosún, lena n-áirítear Acht na bPríosún, 2007;
- forálacha iomchuí i reachtanna eile mar Acht na bPríosún (Coistí Cuairte), 1925, an tAcht um Cheartas Coiriúil, 1960, an tAcht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997, an tAcht um Cheartas Coiriúil, 2007, achtanna eile um cheartas coiriúil agus na hAchtanna um Aistriú Daoine ar Cuireadh Pianbhreith Orthu, 1995 agus 1997;
- na Rialacha um Rialú Príosún, 2007; agus
- an tAcht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine 2003.

Maidir le daoine a choinnítear de bharr nithe atá bainteach le hinimirce, is iad na príomhforálacha reachtaíochta na hAchtanna Inimirce, 1999, 2003 agus 2004, a gcuid rialúcháin ghaolmhara, an tAcht um Inimircigh Neamhdhleathacha (Gáinneáil), 2000, agus Acht na nDídeanaithe, 1996.

Anuas air sin, tugann an tSeirbhís aird chuí ar chonarthaí, dearbhuithe, caighdeáin agus moltaí éagsúla, lena n-áirítear:

- Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine;
- an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine;
- Rialacha Caighdeánacha Íosta na Náisiún Aontaithe um Chóir a Chuirtear ar Phríosúnagh;
- na Rialacha Eorpacha Príosún, 2006;
- Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in Aghaidh Céastóireachta agus in Aghaidh Íde nó Pionóis eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach;
- Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Sibhialta agus Polaitiúla; agus
- an Coinbhinsiún Eorpach um Chéastóireacht agus Íde nó Pionós atá Mídhaonna nó Táireach a Chosc.

Tugann an tSeirbhís aird chuí chomh maith ar Thuarascálacha Chigire na bPríosún, agus féachfaidh sí le moltaí an Chigire a chur i bhfeidhm.

Forfheidhmiú an Chláir don Rialtas

Mar ghníomhaireacht feidhmiúcháin de chuid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais, tacaíonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann leis an Roinn chun na forálacha iomchuí de chuid an Chláir um Théarnamh Náisiúnta, 2011 – 2016 de chuid an rialtais a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear gealltanais chun:

- sábháilteacht a fheabhsú inár bpobail;
- riachtanais an phobail agus riachtanais íospartaigh na coireachta agus cearta na ndaoine a gcuirfear coir ina leith a chothromú;
- seirbhísí a sholáthar ar shlí inmharthana ar bhonn eacnamaíoch / laistigh den bhuiséad;
- comhoibriú tras-eagraíochta agus comhroinnt spriocanna idir gach eagraíocht dlí agus cirt agus comhionannais le Ranna agus gníomhaireachtaí eile a bhrú;
- cur le comharaíocht éifeachtach thras-fheidhme agus chomhghníomhaireachta, cuir i gcás, maidir le beartas sóisialta, leanaí, mí-úsáid substaintí agus saincheisteanna eile tras-rialtas;
- cur le tionscnamh athchóirithe an rialtais, “Oscailteacht Rialtais”;
- cur le héifeachtúlacht agus éifeachtacht fheabhsaithe eagraíochtúil, bainistíocht eolais agus seachadadh seirbhísí;
- leanúint den dlí coiriúil agus den dlí sibhialta a thabhairt cothrom le dáta.

Príosúin na hÉireann

Tá 14 fhoras i gcóras príosúin na hÉireann, lena n-áirítear 11 fhoras traidisiúnta “dúnta”, dhá ionad oscailte, a fheidhmíonn le mionslándáil inmheánach agus imlíneach, agus saoráid amháin “leath-oscailte” a bhfuil slándáil thraidisiúnta imlíneach ach

mionslándáil inmheánach inti (An tAonad Oiliúna). Tugtar cóiríocht d’fhoirmhór na bpríosúnach baineann sa Lárionad le Dóchas, agus tugtar cóiríocht don chuid eile i bPríosún Luimnigh.



Fig 2. Eastát Sheirbhís Phríosúin na hÉireann

Príosún an Chaisleáin Riabhaigh

Cluain Salach
An Caisleán Riabhach
Co. Ros Comáin

Gobharnóir: Martin Reilly

Toilleadh Oibriúcháin: 351 príosúnach ag deireadh na bliana.

Príosún meánslándála dúnta d'fhir atá 17 mbliana d'aois agus os a chionn is ea **Príosún an Chaisleáin Riabhaigh**. Is é an príosún cimithe do phríosúnaigh atá ar athchur agus príosúnaigh ar cuireadh pianbhreith orthu i gCúige Chonnacht, agus glacann sé cimithe as Contaetha an Chabháin, Dhún na nGall agus an Longfoirt chomh maith.

Líon na bPríosúnach: Ba é 364 príosúnach meánlíon laethúil na ndaoine i gcoimeád in 2011.

Príosún Chnoc an Arbhair

Cnoc an Arbhair
Baile Átha Cliath 7.

Gobharnóir: Liam Dowling

Toilleadh Oibriúcháin: 148 príosúnach ag deireadh na bliana.

Príosún meánslándála dúnta d'fhir atá 17 mbliana d'aois agus os a chionn is ea **Príosún Chnoc an Arbhair**. Príosúnaigh ar cuireadh pianbhreith fhadtéarmach orthu atá ann tríd is tríd.

Líon na bPríosúnach: Ba é 151 meánlíon laethúil na bpríosúnach a bhí faoi choimeád in 2011.

Príosún Chnoc na Seamar

Bóthar Chnoc na Seamar
Cluan Dolcáin
Baile Átha Cliath 22

Gobharnóir: Seán Quigley

Toilleadh Oibriúcháin: 431 príosúnach ag deireadh na bliana

Príosún meánslándála dúnta d'fhir atá 17 mbliana d'aois agus os a chionn is ea **Príosún Chnoc na Seamar**, a fhreastalaíonn go príomha ar phríosúnaigh atá ar athchur as ceantar Laighean.

Líon na bPríosúnach: Ba é 433 príosúnach meánlíon laethúil na bpríosúnach a bhí faoi choimeád in 2011.

Príosún Chorcaí

Bóthar na Rátha Móire
Cathair Chorcaí

Gobharnóir: James Collins

Toilleadh Oibriúcháin: 272
príosúnach ag deireadh na bliana.

Príosún meánslándála dúnta d'fhir atá 17 mbliana d'aois agus os a chionn is ea **Príosún Chorcaí**. Is é an príosún cimithe do Chontaetha Chorcaí, Chiarraí agus Phort Láirge.

Líon na bPríosúnach: Ba é 295 príosúnach meánlíon laethúil na bpríosúnach a bhí faoi choimeád in 2011.

An Lárionad le Dóchas

An Cuarbhóthar Thuaidh
Baile Átha Cliath 7

Gobharnóir: Mary O'Connor

Toilleadh Oibriúcháin: 105
príosúnach ag deireadh na bliana

Príosún meánslándála dúnta do mhná atá 18 mbliana d'aois agus os a chionn is ea **An Lárionad le Dóchas**. Is é an príosún cimithe do mhná arna gcimiú ar athchur nó arna ndaoradh as gach Cúirt lasmuigh de cheantar na Mumhan.

Líon na bPríosúnach: Ba é 129 príosúnach meánlíon laethúil na bpríosúnach a bhí faoi choimeád in 2011.

Príosún Luimnigh

Sráid Mulgrave
Luimneach

Gobharnóir: Éamonn Mullane

Toilleadh Oibriúcháin: 290 príosúnach (fireann) and 34 príosúnach (baineann) ag deireadh na bliana

Príosún meánslándála dúnta d'fhir agus mná atá 17 mbliana d'aois agus os a chionn is ea **Príosún Luimnigh**. Is é an príosún cimithe d'fhir do Chontaetha an Chláir, Luimnigh agus Thiobraid Árann, agus do mhná do gach ceann de shé chontae na Mumhan.

Líon na bPríosúnach: Ba é 301 fear agus 31 bean meánlíon laethúil na bpríosúnach a bhí faoi choimeád in 2011.

Teach an Locháin

An Blaic
Co. an Chabháin

Gobharnóir: Patrick Kavanagh

Toilleadh Oibriúcháin: 160 príosúnach ag deireadh na bliana

Príosún ísealslándála oscailte is ea **Teach an Locháin** d’fhir atá 18 mbliana d’aois nó os a chionn a meastar go dteastaíonn leibhéil níos ísle slándála uathu.

Líon na bPríosúnach: Ba é 122 meánlíon laethúil na bpríosúnach a bhí faoi choimeád in 2011.

Mainistir Shelton

An tInbhear Mór
Co. Chill Mhantáin

Gobharnóir: Michael Lawton

Toilleadh Oibrúcháin: 110 príosúnach ag deireadh na bliana

Príosún ísealslándála oscailte is ea **Mainistir Shelton** d’fhir atá 19 mbliana d’aois agus os a chionn a meastar go dteastaíonn leibhéil níos ísle slándála uathu.

Líon na bPríosúnach: Ba é 102 meánlíon laethúil na bpríosúnach a bhí faoi choimeád in 2011.

Príosún Mhuinseo

An Cuarbhóthar Thuaidh
Baile Átha Cliath 7

Gobharnóir: Edward Whelan

Toilleadh Oibriúcháin: 590 príosúnach ag deireadh na bliana

Príosún meánslándála dúnta d’fhir atá 17 mbliana d’aois agus os a chionn is ea **Príosún Mhuinseo**. Is é an príosún príomha cimithe do Chathair Bhaile Átha Cliath.

Líon na bPríosúnach: Ba é 616 príosúnach meánlíon laethúil na bpríosúnach a bhí faoi choimeád in 2011.

Foras Naomh Pádraig

An Cuarbhóthar Thuaidh

Baile Átha Cliath 7

Gobharnóir: Hector MacLennan

Toilleadh Oibriúcháin: 217 príosúnach ag deireadh na bliana

Ionad Coinneála meánslándála dúnta d'fhir atá idir 16 bliana d'aois agus 21 bliain d'aois is ea **Foras Naomh Pádraig**, agus tá cóiríocht ar fáil ann do phríosúnaigh atá ar athchur agus do phríosúnaigh ar cuireadh pianbhreith orthu.

Príosún Phort Laoise

Bóthar Bhaile Átha Cliath

Port Laoise

Co. Laoise

Gobharnóir: Derek Brennan

Toilleadh Oibriúcháin: 359 príosúnach ag deireadh na bliana

Príosún ardslandála dúnta d'fhir atá 17 mbliana d'aois agus os a chionn is ea **Príosún Phort Laoise**. Is é an príosún cimithe dóibh siúd arna gcur faoi choimeád ón gCúirt Choiriúil Speisialta, agus orthu siúd a dtugtar cóiríocht dóibh anseo tá na príosúnaigh sin a bhfuil baint acu le coiriúlacht threascrach.

Líon na bPríosúnach: Ba é 270 meánlíon laethúil na bpríosúnach a bhí faoi choimeád in 2011.

An tAonad Oiliúna

Paráid an Ghleanna Ghairbh

An Cuarbhóthar Thuaidh

Baile Átha Cliath 7

Gobharnóir: Edward Whelan

Toilleadh Oibriúcháin: 127 príosúnach ag deireadh na bliana

Príosún ísealslándála leath-oscailte d'fhir atá 18 mbliana agus os a chionn is ea **an tAonad Oiliúna**, agus tá béim láidir ar an obair agus ar an oiliúint ann.

The Training Unit is a semi-open, low security prison for males aged 18 years and over, with a strong emphasis on work and training.

Líon na bPríosúnach: Ba é 115 meánlíon laethúil na bpríosúnach a bhí faoi choimeád in 2011.

Príosún an Láir Tíre

Bóthar Bhaile Átha Cliath
Port Laoise
Co. Laoise

Gobharnóir: Colm Barclay

Toilleadh Oibriúcháin: 616 príosúnach ag deireadh na bliana

Príosún meánslándála dúnta d'fhir atá 17 mbliana d'aois agus os a chionn is ea **Príosún an Láir Tíre**. Is é an príosún cimithe do Chontaetha Cheatharlach, Chill Dara, Chill Chainnigh, Laoise, Uíbh Fhailí agus na hIarmhí.

Líon na bPríosúnach: Ba é 586 meánlíon laethúil na bpríosúnach a bhí faoi choimeád in 2011.

Príosún Pháirc na

Cruithneachta

Bóthar Chnoc na Seamar
Cluain Dolcáin
Baile Átha Cliath 22

Gobharnóir: William Connolly

Toilleadh Oibriúcháin: 670 príosúnach ag deireadh na bliana

Príosún meánslándála dúnta d'fhir atá 17 mbliana d'aois agus os a chionn is ea **Príosún Pháirc na Cruithneachta**. Is é an príosún cimithe do Chontaetha Lú, na Mí, Mhuineacháin, Loch Garman agus Chill Mhantáin, agus is é an foras pionóis is mó sa Stát.

Líon na bPríosúnach: Ba é 671 príosúnach meánlíon laethúil na bpríosúnach a bhí faoi choimeád in 2011.

Aonaid Tacaíochta SPÉ

Rannán na Seirbhísí Foirgníochta – Gobharnóir: George Victory

Ionad Oiliúna agus Forbhartar SPÉ – Gobharnóir: John McGuckin

Grúpa Tacaíochta Oibriúcháin – Gobharnóir: John Kavanagh

Aonad Coimhdeachta SPÉ – Gobharnóir: Ronan Maher

Building Services Division	IPS Training & Development Centre	Operational Support Group	Prison Service Escort Corps
			
Governor: George Victory	Governor: John McGuckin	Governor: John Kavanagh	Governor: Ronan Maher

Tuarascáil Staitistiúil

Forbhreathnú – sracfhéachaint ar staitisticí 2011

Bhí 17,318 cimiú chuig príosún in 2011, méadú de 0.8% ar iomlán 2010, 17,179.

Cuireadh 13,952 duine chuig príosún in 2011, i gcomparáid le 13,758 duine in 2010, atá in ionannas le méadú de 1.4%. Fir ba ea 86.4% díobh siúd, agus mná ba ea 13.6% díobh.

Cimithe le linn 2011

- Bhí méadú de 503 duine. nó 4%, ar líon na ndaoine a cimidh chuig príosún faoi phianbhreith in 2011 (12,990) i gcomparáid le figiúr 2010 (12,487).
- Tháinig méadú de 12.4% ar líon na bpríosúnach arna gcimiú a raibh pianbhreith idir a trí is a cúig de bhlianta á cur isteach acu i gcomparáid le figiúr 2010 (420 príosúnach in 2010 go dtí 472 príosúnach in 2011).
- Tháinig laghdú de 10% nach mór ar líon na gcimithe faoi phianbhreith níos lú ná 3 mhí i gcomparáid le figiúr 2010, i.e., ó 7,356 cimiú go dtí 8,070 cimiú.

Daoine arna gcoinneáil faoi Dhlíthe Inimirce

In 2011 bhí 423 cimiú maidir le saincheisteanna inimirce i leith 395 coinneálaí. Tá sé seo in ionannas le lagdú de 13.9% i gcomparáid le 459 duine arna gcoinneáil in 2010 tar éis laghdú de 31.4% sa chatagóir seo i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Ba é deichniúr meánlíon laethúil na ndaoine faoi choimeád sa chatagóir seo.

Roghbhlúire de líon na bpríosúnach ar 30 Samhain 2011

- Tá líon iomlán na ndaoine faoi choimeád gan athrú a bheag nó a mhór, agus figiúr 2011 (4,313 duine) in ionannas le laghdú nach mó ná 2.9% i gcomparáid le figiúr 2010 (4,440 duine).
- Bhí 291 príosúnach (7.9%) ag cur isteach pianbhreitheanna saoil, agus bhí 209 príosúnach eile (7.8%) ag cur isteach pianbhreitheanna aontrátha nár lú ná 10 mbliana.
- Bhí 43 ciontóir ag cur isteach pianbhreitheanna ar lú ná 3 mhí, atá in ionannas le 1.2% de líon iomlán na bpríosúnach faoi choimeád. Bhí 20 duine i bpríosún toisc gan fíneáil a íoc, atá in ionannas le 0.5% de líon iomlán na bpríosúnach faoi choimeád.
- Éireannaigh ba ea 87.2% de líon iomlán na ndaoine faoi choimeád faoi phianbhreith ar 30 Samhain 2011.




Fig 3. Treochtaí maidir le cimithe 2007 - 2011

Líon laethúil na bpríosúnach faoi choimeád

Ba é 4,390 duine meánlíon iomlán na bpríosúnach faoi choimeád ar bhonn laethúil in 2011, i gcomparáid le 4,290 duine in 2010.

Ba é 160 duine meánlíon na bpríosúnach baineann faoi choimeád, i gcomparáid le 157 duine in 2010.

Roghbhlúire de líon na bpríosúnach ar 30 Samhain 2011

Ar 30 Samhain 2011 ba é 4,313 duine líon iomlán na ndaoine faoi choimeád, lena n-áiríodh:

- 609 príosúnach ar athchur / ar a dtrial 20 príosúnach fíneála
- 7 coinneálaithe inimirce 905 príosúnach cosanta
- 61 príosúnach treascrach




Fig 4. Forbhreathnú ar líon na bpríosúnach: roghbhlúire ar 30 Samhain 2011




Fig 5. Forbhreathnú ar líon na bpríosúnach faoi choimeád: roghbhlúire ar 30 Samhain 2011





Fig 6. Fad pianbhreithe na bpríosúnach: roghbhlúire ar 30 Samhain 2011



GP1 Cionta Dúnbháisithe
GP2 Cionta Gnéasacha
GP3 Iarrachtaí / Bagairtí ar Dhúnmharú, lonsuithe, Ciapadh agus Cionta Gaolmhara
GP4 Gníomhartha Dainséaracha nó Faillíocha
GP5 Fuadach agus Cionta Gaolmhara
GP6 Robáil, Sracaireacht agus Cionta Urghabhála
GP7 Buirgléireacht agus Cionta Gaolmhara
GP8 Gadaíocht agus Cionta Gaolmhara
GP9 Calaois, Dallamullóg agus Cionta Gaolmhara
GP10 Cionta um Dhrugaí Rialaithe
GP11 Cionta Arm agus Pléascán
GP12 Damáiste do Mhaoín agus don Chomhshaol
GP13 Cionta Oird Phoiblí agus Cóid Shóisialta
GP14 Cionta Bóthair agus Trácht
GP15 Cionta in aghaidh an Rialtais, Nósanna Imeachta Ceartais agus Coireacht Eagraithe
GP16 Cionta nach rangaítear faoi theideal eile

Fig 7. Cionghrúpa na bpríosúnach: roghbhliúire ar 30 Samhain 2011

Líon na ndaoine arna gcimíú chuig príosún in 2011

Bhain an 17,318 cimiú le 13,952 duine. Baineann an figiúr seo le daoine nua-chimithe (i.e. nach raibh ar athchur cheana féin nó ag cur isteach pianbhreithe eile). Tá sé seo in ionannas le méadú de 1.4% i gcomparáid le figiúr iomlán 2010, 13,758 duine.

Tá iomlán na gcimithe chuig príosún, 17,318 cimiú, i gcomparáid le 17,179 cimiú in 2010, in ionannas le méadú nach mó ná 0.8%.

Ar an 17, 318 cimiú sin bhí:

- 12,342 cimiú faoi phianbhreith,
- 4,546 cimiú ar athchur,
- 423 cimiú faoi dhlí na hinimirce agus
- 7 gcimiú as díspeagadh cúirte.




Fig 8. Aois agus Inscne na ndaoine arna gcimíú chuig príosún in 2011




Fig 9. Cimithe le linn 2011 arna rangú de réir chineál an chimithe agus inscne

Daoine arna gcoinneáil faoi Dhlíthe na hInimirce

In 2011 bhí 423 cimiú maidir le saincheistean na hInimirce i leith 395 coinneálaí. Tá sé seo in ionannas le laghdú de 13.9% i gcomparáid leis an 459 duine a coinníodh in 2010.

Ba é deichniúr meánlíon laethúil na ndaoine faoi choimeád sa chatagóir seo.

Contae Dúchais agus Tír Dhúchais na ndaoine arna gcimiú chuig príosún

As na daoine ar fad a cimíodh luaigh beagnach trian díobh (32.4%) Baile Átha Cliath mar a gcontae cónaithe. Ba iad Corcaigh (12.2%), Luimneach (7%) agus Gaillimh (3.8%) na contaetha ba mhó a luadh i ndiaidh Bhaile Átha Cliath.

Díobh siúd a cimíodh, Éireannaigh ba ea 11,263 duine díobh (80.7%), méadú de 561 duine nó 5.2% i gcomparáid le figiúr 2010, 10,702.

Náisiúnaigh de chuid ballstát eile de chuid an Aontais Eorpaigh (nach Éireannaigh iad) ba ea 1,716 (12.3%) de na daoine a cimíodh. Náisiúnaigh Eorpacha eile ba ea 181 duine díobh (1.3%), náisiúnaigh Afraiceacha ba ea 382 duine díobh (2.7%), náisiúnaigh Áiseacha ba ea 302 duine díobh (2.2%), agus náisiúnaigh Mheiriceá Láir agus Theas ba ea 84 duine díobh (0.6%).

Tá miondealú de réir contae cónaithe ar fáil ar ár suíomh gréasáin: www.irishprisons.ie

Cimithe faoi Phianbhreith

Bhí 12,342 cimiú díreach faoi phianbhreith in 2011. Nuair a chuirtear leis sin 648 príosúnach, a bhí faoi choimeád cheana féin ag tús na bliana ar athchur / ag fanacht ar thriail agus a cimíodh ina dhiaidh sin, is é 12,990 líon iomlán na bpríosúnach in 2011 ar glacadh leo ar chiontú dóibh.

Fad pianbhreithe

Bhí méadú de 4% (503 duine) ar líon na ndaoine a cimíodh chuig príosún faoi phianbhreith in 2011 (iomlán de 12,990) i gcomparáid le figiúr 2010 (12,487).

Total Committed = Iomlán na gcimithe

Persons committed = Daoine arna gcimiú

Committed on Remand = Daoine arna gcimiú ar Athchur

Committed under sentence in 2011 = Daoine arna gcimiú faoi Phianbhreith in 2011

Total committed under sentence = Iomlán na ndaoine arna gcimiú faoi Phianbhreith

* lena n-áirítear 648 príosúnach a bhí ar athchur ag tús na bliana agus a cimíodh ina dhiaidh sin





Fig 10. Forbhreathnú ar chimithe le linn 2011



GP1 Cionta Dúnbhásaithe
GP2 Cionta Gnéasacha
GP3 Iarrachtaí / Bagairtí ar Dhúnmharú, lonsuithe, Ciapadh agus Cionta Gaolmhara
GP4 Gníomhartha Dainséaracha nó Failíocha
GP5 Fuadach agus Cionta Gaolmhara
GP6 Robáil, Sracaireacht agus Cionta Urghabhála
GP7 Buirgléireacht agus Cionta Gaolmhara
GP8 Gadaíocht agus Cionta Gaolmhara
GP9 Calaois, Dallamullóg agus Cionta Gaolmhara
GP10 Cionta um Dhrugaí Rialaithe
GP11 Cionta Arm agus Pléascán
GP12 Damáiste do Mhaoín agus don Chomhshaol
GP13 Cionta Oird Phoiblí agus Cóid Shóisialta
GP14 Cionta Bóthair agus Tráchta
GP15 Cionta in aghaidh an Rialtais, Nósanna Imeachta Ceartais agus Coireacht Eagraithe
GP16 Cionta nach rangáítear faoi theideal eile

Fig 11. Cimithe faoi phianbhreith le linn 2011 de réir cionghrúpa




Fig 12. Cimithe faoi pianbhreith le linn 2011 de réir fhad na pianbhreithe




Fig 13. Cimithe faoi phianbhreith le linn 2011 de réir fhad na aoisghrúpa

In 2011 bhí méadú de 12.4% ar líon na gcimithe – ar chimithe iad maidir le neamhíocaíocht fíneála cúirtordaithe – i gcomparáid le figiúr 2010, i.e. ó 6,683 cimiú in 2010 go dtí 7,514 cimiú in 2011.

As na cimithe seo, príosúnaigh bhaineanna ba ea 1,300 duine acu, agus príosúnaigh fhireanna ba ea 6,214 duine acu. Cimíodh 35 féichiúntaí (féichiúnaí baineann amháin, 34 féichiúnaí fireann) le linn na bliana.

Tá tuilleadh eolas staidrimh ar fáil ar ár suíomh gréasáin

Cuspóirí Straitéiseacha

Áiríodh na gníomhartha seo a leanas i dTuarascáil Bhliantúil Sheirbhís Phríosúin na hÉireann 2010 mar an Ráiteas Straitéise do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann i gcomhair 2011 go 2013.

Gníomhartha:

- Forfheidhmiú Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014 agus coigilteas de €21 milliún á bhaint amach i gcostais phárolla Sheirbhís Phríosúin na hÉireann le linn tréimhse an chomhaontaithe.
- Leanúint den chlár leanúnach infheistíochta i mbonneagar na bpríosún, lena n-áirítear sláintíocht a chur isteach sna cillíní.
- Leanúint de Bhainistíocht Chomhtháite Pianbhreitheanna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
- Leanúint de Straitéis Drugaí Sheirbhís Phríosúin na hÉireann – *Keeping Drugs Out of Prisons* – a chur i bhfeidhm, agus díriú leanúnach ar dhíothú an tsoláthair agus ar fheabhsú ar na roghanna cóireála atá ar fáil faoi láthair.

1

Forfheidhmiú Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014 agus coigilteas de €21 milliún á bhaint amach i gcostais phárolla Sheirbhís Phríosúin na hÉireann le linn tréimhse an chomhaontaithe.

Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le Comhaontú na Seirbhíse Poiblí a chur i bhfeidhm sa tseirbhís príosún le linn 2011. Dearbhaíodh é seo sa chéad tuarascáil de chuid Chomhlacht Forfheidhmithe Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí inar maíodh an méid seo:

‘Tugann an Comhlacht dá aire go bhfuil bunathrú á dhéanamh ar roinnt earnálacha, mar Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, tríd an gcomhoibriú atá á sheachadadh ag an gComhaontú. Léiríonn earnálacha den saghas seo an acmhainneacht a sholáthraíonn an Comhaontú d’fhonn feabhas mór a bhaint amach maidir leis an tslí a ndéantar gnó. Is mó ná coigilteas atáthar ag iarraidh a bhaint amach leis na cleachtais nua oibre atá á dtabhairt isteach sa tseirbhís príosún faoin gComhaontú. Is nuálach agus is fíor-nua-aoiseach na socruithe nua ó thaobh féachaint do dhíriú ar acmhainní san áit agus san uair is mó a theastaíonn siad, agus é á áirithiú go bhfuil riachtanais slándála á gcomhlíonadh.

Chuir tacaíocht leantach Chathaoirleach na hEarnála, an tUasal Mícheál Mac Giolla Uain, agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus

Athchóirithe go suntasach leis an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo.

Ag tús 2012 beidh an Bunathrú ag díriú ar chur i bhfeidhm foriomlán chinntí phróiseas an Athbhreithnithe Taisc laistigh den cheangal ama ag deireadh 2012.

Laghdú ar Leibhéil Soláthar Foirne

Ag deireadh na bliana bhí leibhéil soláthar foirne laghdaithe ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann de mhéid 250 duine agus réamh-mheasadh go bhfágfadh 60 duine eile den lucht foirne an tseirbhís roimh dheireadh mhí Feabhra 2012. Sheachadfadh sé seo an laghdú ar sholáthar foirne a éilítear faoin gComhaontú. D’fhritháireofaí an laghdú seo ar sholáthar foirne nuair a thabharfar isteach 130 Oifigeach Gráid nua um Riaradh agus Tacaíocht Príosúin in 2012; rinneadh dul chun cinn suntasach chun aontú a bhaint amach maidir leis na gráid nua seo a thabhairt isteach, agus tiocfaidh siad isteach sa tseirbhís i lár 2012.

Próiseas an Athbhreithnithe Taisc

Ba ar Chomhphróiseas an Athbhreithnithe Taisc a bhí an Fhoireann thiomnaithe

Bunathraithe ag díriú in 2011. Sa phróiseas seo rinne idir lucht bainistíochta agus lucht foirne iniúchadh iomlán ar fheidhmiúchán, nósanna imeachta agus beartais i ngach príosún. Rinneadh é seo d'fhonn leibhéil fheabhsaithe seirbhísí a sholáthar le leibhéal laghdaithe soláthar foirne, más indéanta. Rinneadh roinnt mhaith athbhreithnithe in 2011, agus tá forfheidhmiú na dtorthaí i bpríosúin ar leith tosaíthe. Cuirfear an próiseas athbhreithnithe agus tuilleadh forfheidhmithe i gcrích in 2012.

Seachadadh Seirbhíse

Tá dul chun cinn déanta maidir le laghdú ar sholáthar foirne, ach tá gá freisin le hathruithe ar chleachtais agus beartais na bpríosún le háiritiú go gcoinneofar nó go bhfeabhsófar leibhéil seirbhíse. Chuige seo tá gá le clár Réimeas Dreasaíthe a thabhairt isteach agus Bainistíocht Chomhtháite Pianbhreitheanna a fhorfheidhmiú tuilleadh go háirithe. Rinneadh dul chun cinn maidir leis an dá rud seo i dtreo dheireadh 2011, agus beidh tuilleadh seachadta in 2012. Leis an gcur chuige seo tá an-chuid déanta chun dul i ngleic le ceisteanna maidir le caighdeán seachadadh seirbhíse.

Bainfear amach seachadadh leibhéil fheabhsaithe seirbhíse laistigh den leithdháileadh nua, laghdaithe foirne faoi dheoidh trí thorthaí Chomhphróiseas an

Athbhreithnithe Taisc a chur i bhfeidhm dá bhforáiltear sa Chomhaontú.

Caidreamh Tionsclaíoch

D'ainneoin na laghduithe suntasacha ar leibhéil soláthar foirne, tá caidreamh tionsclaíoch i Seirbhís Phríosúin na hÉireann go maith fós le linn na tréimhse dúshlánaí seo. Baineadh é seo amach trí dhíriú go soiléir ar an gcumarsáid, rannpháirtíocht fhairsing dhéthaobhach agus, go tábhachtach, bainistiú dian, sciliúil ar aon saincheist le Grúpa na hEarnála arna bhunú faoi Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí.

2 **Leanúint den chlár leanúnach infheistíochta i mbonneagar na bpríosún, lena n-áirítear sláintíocht a chur isteach sna cillíní.**

Tá Plean Caiteachas Caipitil 40 mí á ullmhú ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann a bheidh mar chuid lárnach den Phlean Straitéiseach 2012-2014.

Rinne an rialtas iniúchadh ar champas nua molta Phríosún Halla Thornton i gCill Shalcháin, Contae Bhaile Átha Cliath, faoina athbhreithniú ar chaiteachas caipitil, agus ordaíodh gan leanúint leis an tionscadal sa ghearrthéarma agus go ndéanfaí iniúchadh ar an gceangal ama dá sheachadadh arís in 2012. Bhí pleanáil do shaoráid nua do Phríosún Réigiúnach na Mumhan i gCill Uird, Co. Chorcaí, ar fionraí fós feadh na bliana 2011.

Ar na gaiscí ba thábhachtaí le linn 2011 bhí:

Príosún an Láir Tíre

Cuireadh tús le síneadh mór ar Phríosún an Láir Tíre, agus, nuair a bheidh sé críochnaithe, beidh 179 cillín breise ar fáil le sláintíocht agus áiseanna cithfholctha chomh maith le réimse áiseanna eile, lena n-áirítear cistin nua, áiseanna suntasacha oiliúint oibre agus áiseanna feabhsaithe cuairteoirí.

Athchóiriú ar Phríosún Mhuinseo

Rinneadh athchóiriú ar Sciathán C i bPríosún Mhuinseo a chur i gcrích i mí na Nollag 2011. Mar thoradh air sin, tá leithreas agus báisín níos áine i ngach aon chillín i Sciathán C anois.

Tugadh íoslach Sciathán C ar ais in úsáid tar éis dó bheith neamhoibríoch ar feadh níos mó ná 40 bliain. Tá nuachóiriú iomlán déanta air agus tugann sé deis do lucht bainistíochta an phríosúin láthair thiomnaithe cimithe agus measúnaithe a bheith acu, rud a raibh géarghá leis.

Laghdófar plódú i bPríosún Mhuinseo le tionscadal athchóirithe Sciathán C, lenar cuireadh 38 cillín nua ar fáil i gceantar an íoslaigh agus lenar athchóiríodh oifigí, stóirthe agus seomraí innealra ar fud an sciatháin chun 20 cillín nua a chur ar fáil.

Príosún Chorcaí

Is é Corcaigh an áit is dúshlánaí maidir le forbairt a dhéanamh ar ár dtiomantas do nua-aoisiú an eastáit phríosún. I mí na Nollag 2011, coimisiúnaíodh tuarascáil féidearthachta ar na sainroghanna a bhí ar fáil d'athfhorbairt nó athsholáthar Phríosún Chorcaí.

Áiseanna Físeáin go dtí an Chúirt

Cuireadh áiseanna nasc físe ó phríosún go dtí an chúirt ar fáil i bPríosún Chorcaí, i bPríosún Mhuinseo, sa Lárionad le Dóchas agus i bhForas Naomh Pádraig.

3 Leanúint de Bhainistíocht Chomhtháite Pianbhreitheanna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Is é atá i mBainistíocht Chomhtháite Pianbhreitheanna (BCP) cur chuige nua i seachadadh seirbhísí do phríosúnaigh agus béim nua ar phríosúnaigh a bheith ag glacadh freagrachta níos mó chucu féin as a bhforás féin trí rannpháirtíocht gníomhacha le seirbhísí speisialaithe agus neamhspeisialaithe sna príosúin. Is é an toradh a bheidh air cur chuige ildisciplíneach, príosúnach-lárnaithe maidir le hoibriú le príosúnaigh agus socrú ann do mheasúnú tosaigh, ceapadh spriocanna agus athbhreithniú tréimhsiúil chun dul chun cinn a mheas.

Tá príosúnaigh nua-chimithe – ar mhó ná bliain amháin fad a bpianbhreithe – i dteideal páirt a ghlacadh in BCP. Má aontaíonn siad páirt a ghlacadh, cuirtear agallamh Measúnú na Chéad Teagmhála orthu. Sainaithnítear le Measúnú na Chéad Teagmhála riachtanais an phríosúnaigh i slite éagsúla mar chóiríocht, oideachas agus iompar ciontaithe.

Referrals are made Déantar atreoruithe ar scór an mheasúnaithe seo go dtí seirbhísí laistigh den phríosún mar Oideachas nó Obair agus Oiliúint agus gníomhaireachtaí seachtracha a sholáthraíonn seirbhís

inrochtana. Déanann na seirbhísí agus na gníomhaireachtaí seo a gcuid measúnaithe féin ar an bpríosúnach agus cuireann siad a gcuid gníomhartha molta faoi bhráid an Chomhordaitheora BCP.

Tá na gníomhartha éagsúla a moltar curtha le chéile i bPlean Imeasctha Pearsanta (PIPears). Plean gníomhartha is ea é seo don phríosúnaigh le cur igcrích le linn dó / di a bheith i bpríosún. Déanfar athbhreithniú ar an PIP go rialta, ag brath ar fhad na pianbhreithe.

Thart ar 9 mí roimh scaoileadh an phríosúnaigh, déanfar Plean Imeasctha Pobail (PIPob) a fhorbairt. Leagann sé seo amach plean don phríosúnach chun ullmhú dá scaoileadh. Téitear i ngleic le saincheisteanna tábhachtacha mar chóiríocht, fostaíocht nó oideachas chun cabhrú leis an bpríosúnach athlonnú isteach sa phobal i ndiaidh a scaoilte agus chun an baol athchiontaithe a laghdú.

Le linn 2011 cuireadh tús le BCP sna príosúin a bhí fágtha (Príosún Luimnigh, Príosún Chnoc na Seamar – do phríosúnaigh faoi phianbhreith, Teach an Locháin agus Mainistir Shelton). Ag deireadh mhí na Nollag, bhí breis is 2,000 príosúnach ag glacadh páirt in BCP,

agus bhí pleananna pianbhreithe ar bun ag 900 duine acu. Tugadh tairiscint do 3,000 príosúnach chun páirt a ghlacadh in BCP ó thosaigh sé i lár 2008.

Tá ról lárnach ag tacaíocht na foirne tiomnaithe, i.e. Comhordaitheoirí BCP, i rath BCP. I láthair na huaire tá ceathrar Comhordaitheoir gníomhach BCP

lánaimseartha ag tacú leis an bpróiseas i dtí phríosún. Táthar ag brath go gceapfar Comhordaitheoirí tiomnaithe BCP chuig gach príosún tríd an bpróiseas Bunathraithe, rud a chuirfidh feabhas ar éifeachtacht an chórais bhainistíochta pianbhreithe agus a bheidh ina chabhair do líon ardaitheach na bpríosúnach a ghlacann páirt sa phróiseas.

4

Leanúint de Straitéis Drugaí Sheirbhís Phríosúin na hÉireann – *Keeping Drugs Out of Prisons* – a chur i bhfeidhm, agus díriú leanúnach ar dhíothú an tsoláthair agus ar fheabhsú ar na roghanna cóireála atá ar fáil faoi láthair.

Leantar de chláir choireála drugaí agus athinmheacháin a sheachadadh agus a fheabhsú ar fud an chórais phríosúin, agus mar thacú leis seo soláthraíonn foireann chúram sláinte an phríosúin agus eagraíochtaí cuairte reachtúla agus neamhreachtúla réimse éagsúil seirbhísí ginearálta agus speisialaithe. Cuireadh feabhas ar sheirbhísí coireála drugaí i gCorcaigh chun teiripe mhalartach a chur san áireamh ag deireadh 2011.

In 2011 bhí 2,792 atreorú ag Cé na gCeannaithe Éireann, a bhfuil conradh déanta leo chun seirbhísí comhairleaoireachta um andúil a sholáthar, rud a léiríonn go bhfuil cuid mhór príosúnach a dteastaíonn seirbhísí coireála drugaí uathu. Cuireadh coireáil meatadóin ar 2,241 príosúnach, a raibh 133 duine acu ag fáil coireála den chéad uair in aon áit in 2011. Tá seirbhís Heipitéas C atá faoi cheannas altra ar fáil in dhá phríosún i mBaile Átha Cliath.

Mar fheabhsú ar sheirbhísí do phríosúnaigh, forbraíodh Clár Saor ó Dhrugaí chun bainistiú a dhéanamh ar bhealaí chun cinn i ngach príosún dúnta (ach amháin Cnoc an Arbhair). Cuirfidh an clár seo timpeallacht shaor ó dhruaí (drugaí nach bhfuil ar oideas / meatadón) ar fáil do phríosúnaigh, ina

mbeifear ag súil go bpléifidh siad le Bainistíocht Chomhtháite Pianbhreitheanna, Oideachas, Réimis Dhreasaithe, etc. Tacóidh an tionscnamh le haon phríosúnach atá saor ó dhruaí, agus / nó atá seasmhach ar mheatadón, agus é / í i dtimpeallacht atá saor ó dhruaí. Tá sé ar intinn go gcuirfidh gach príosún (seachas Cnoc an Arbhair) an clár seo i bhfeidhm i Limistéir thiomnaithe Shaor ó Dhrugaí faoi dheireadh 2012. Leathnófar seirbhísí coireála drugaí amach chuig gach príosún dúnta faoi dheireadh 2012.

Díothú an tSoláthair

D'fhonn sábháilteacht agus slándáil ár bpríosún a fheabhsú, bhunaigh Seirbhís Phríosúin na hÉireann an Grúpa Tacaíochta Oibríochta (GTO) in 2008. Díríonn an GTO ar na bealaí trína ndéantar gáinneáil contrabhanna mar dhruaí, airm agus gutháin shoghluaiste isteach inár bpríosúin, ceann de na príomhfhadhbanna atá ag príosúin ar fud an domhain.

Áirítear trí eilimint sa GTO:

1. Aonad Tacaíochta Oibríochta

Tá Aonaid Tacaíochta Oibríochta i bhfeidhm i ngach príosún dúnta (seachas

ionaid dhúnta agus Cnoc an Arbhair, cé go ndéanann foireann an GTO cuardach sna príosúin seo go rialta). Feidhmíonn na hAonaid seo mar fhoirne tiomnaithe cuardaigh, na chéad fhreagróirí d'aon scaoll nó teagmhas, an fhoireann thiomnaithe smachta agus sriain d'aistriú agus athlonnú cillín agus na picéid dóiteáin ar ghlaodhualgas.

Tá freagracht bhreise ar na haonaid seo maidir leis an bhfaisnéis ar fad sa phríosún a bhailiú agus a shaincagadh, coimhdeachtaí ardphróifíle a dhéanamh, cabhrú leis an bpríomh-oifigeach slándála sa mheasúnú agus feabhsú leanúnach den tslándáil laistigh den phríosún.

2. Aonad Criathraithe Slándála

Tá brathadóirí (ar nós na gceann in aerfoirt a siúltar tríothu) i ngach príosún dúnta agus éilítear ar gach cuairteoir agus gach ball foirne dul tríd an mbrathadóir sula dtugtar cead rochtana ar an bpríosún dóibh. Ina theannta sin, cuirtear scanóirí x-ghathaithe ar fáil do gach príosún dúnta, agus tá gach mála láimhe, gach mála caipéisí, gach pacáiste, gach cóta, etc. faoi réir criathraithe.

Tá an criathrú seo i lánfheidhm do gach ball foirne agus gach cuairteoir a thagann isteach inár bpríosún dhúnta (seachas aonaid oscailte agus Cnoc an Arbhair).

3. An tAonad Cainíneach

Tá Aonad Madraí Bolaíochta Drugaí (Aonad Cainíneach) bunaithe ar bhonn náisiúnta agus tháinig sé i bhfeidhm i ngach príosún in 2009.

Tá 26 láimhseálaí madra ag an Aonad Cainíneach, le 35 madra traenáilaithe, lena n-áirítear 10 madra réiteach coinbhleachta, 3 mhadra gníomhach, agus 22 madra éighníomhach. Tá foirne réiteach coinbhleachta ar fáil lena bhforbairt d'aon phríosún ar iarratas ón nGobharnóir.

Bhí éifeacht faoi leith ag na bearta nua seo, agus léiríonn faisnéis áitiúil go bhfuil laghdú suntasach tagtha ar infhaighteacht contrabhanna ar fud an chórais phríosúin.

Aguisíní

Aguisín I

Tuarascáil Bhliantúil 2011

Athbhreithniú Airgeadais

Ba é €384.4 milliún ollchaiteachas iomlán Sheirbhís Phríosúin na hÉireann in 2011, €1.1 milliún laistigh den bhuiséad. Caiteachas pá a bhí i 70% de chaiteachas iomlán Sheirbhís Phríosúin na hÉireann in 2011.

Ar leith ón bpá, is iad Caiteachas Caipitiúil agus soláthar Seirbhísí Príosúin an dá réimse is suntasaí caiteachais.

- Ba shuntasach an infheistíocht chaipitiúil le linn 2011: soláthraíodh cóiríocht fheabsaithe agus saoráidí feabhsaithe ar fud an eastáit phríosúin agus ba an-suntasach gur cuireadh tús le bloc nua cóiríochta i bPríosún an Láir Tíre agus gur athchóiríodh Bloc C Mhuinseo. Tá sonraí maidir le clár tógála Sheirbhís Phríosúin na hÉireann 2011 le fáil sa chaibidil ar an Eastát Príosúin.
- Tháinig laghdú de 3% ar an gcostas a bhí le Seirbhísí Príosúin a sholáthar in 2011 agus coigilteas éifeachtúlachta ag teacht i bhfeidhm.

Seirbhís Phríosúin na hÉireann 2011: Caiteachas agus Ioncam

Seirbhís Phríosúin na hÉireann 2011: Foráil Bhuiséadach agus Caiteachas Iarbhír

	2010 Caiteachas Iarbhír €000	2011 Foráil Mheasta €000	2011 Caiteachas Iarbhír* €000
Riarachán			
A.1 - Tuarastail, Pá agus Liúntais	241,955	248,582	242,728
A.2 - Taisteal agus Cothú	2,082	2,016	2,163
A.3 - Costais Theagmhachas	5,884	7,687	3,962
A.4 - Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide	3,154	3,485	2,814
A.5 - Trealamh Oifige agus Soláthairtí Eile Oifige	5,100	3,523	4,368
A.6 - Seirbhísí Comhairleachta	66	90	60
A.7 - Athbhreithnithe Beartais agus Luach ar Airgead	0	50	0
Seirbhísí Eile			
B - Foirgnimh agus Trealamh	30,486	46,052	47,181
C - Seirbhísí Príosúin, srl.	41,336	32,407	40,086
D - Roinn Déantúsaíochta agus an Fheirm	586	629	715
E - An tSeirbhís Phromhaidh – Seirbhísí do Chiontóirí	26	53	0
F - Seirbhísí Oideachais	1,457	1,265	1,240
G - Oifigigh Phríosúin, Cumann Árachas Sláinte (Deontas i gCabhair)	0	121	0
H - Cúiteamh	2,854	2,873	2,869
I - Bearta Míbhuntáistí Sóisialta (Cuntais Dhíomhaoine)	218	750	229
Ollchaiteachas Iomlán	335,204	349,583	348,415
J - Leithghabháil i gCabhair (Admhálacha)	18,095	18,372	18,266
Glancaiteachas Iomlán	317,109	331,211	330,149

** Tá na figiúirí seo faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste*

Bainistíocht Airgeadais

Costas de réir Áit Phríosúin a bhí ar fáil agus a raibh foireann ann

Ba é €65,359 an meánchostas a bhain le háit a sholáthar i bpríosún a bhí ar fáil agus a raibh foireann ann le linn na bliana féilire 2011 (i gcomparáid le €70,513 in 2010), laghdú de €5,154 nó 7.3% ar fhigiúr 2010. Tháinig an laghdú seo mar thoradh ar chaiteachas laghdaithe agus méadú ar sholáthar toilleadh leapacha. Is iad seo na figiúirí iomchuí:

- laghdú de €3.2 milliún ar chaiteachas iomlán i gcomparáid le figiúirí 2010; agus
- méadú de 283 leaba ar thoilleadh leapacha ó 4,203 leaba i gcomhair 2010 go dtí meántoilleadh leapacha de 4,486 i gcomhair 2011.

Comhsheasmhach le ríomhanna sna blianta roimhe seo, ní áirítear ach costais faoi rialú díreach Sheirbhís Phríosúin na hÉireann. Ní áirítear caiteachas caipitiúil, lena n-áirítear sócmhainní trealaimh agus foirgnimh agus oibrí beaga, sna ríomhanna ar mhaithe le comparáidí idir cineálacha príosúin agus bliain i ndiaidh bliana a éascú.

Léirítear sna táblaí seo a leanas na figiúirí don bhliain 2011 agus na figiúirí comparáideacha don bhliain 2010. Tá na costais seo a leanas san áireamh sna ríomhanna:

- Cóiríocht – Costais Ghaolmhara Athraitheacha – cothabháil agus deisiúchán; solas, teas agus cumhacht; conarthaí seirbhíse; glanadh agus diúscairt dramhaíola; muirir uisce; costais chomhshaoil agus costais sláinte agus sábháilteachta.
- Costais Athraitheacha atá bainteach le príosúnaigh – lónadóireacht; cúram sláinte; aiscí do phríosúnaigh; oiliúint oibre (gan sócmhainní trealaimh / foirgnimh ná oibrí beaga san áireamh); éadach, cóir leapa srl.; ábhair oideachasúla; mótarfheithiclí (cothabháil agus breosla, srl.); áiseanna áineasa; níosáin éadaigh; brathadóireacht drugaí agus cléir ar cuairt.
- Costais Sheasta atá bainteach le príosúnaigh – pá coinneála; taisteal; teileachumarsáid; éidí príosúin agus soláthairtí oifige, srl.
- Costais Neamhchoinneála (Coimhdeachtaí do Phríosúnaigh san áireamh) – pá neamhchoinneála; oibríochtaí neamhchoinneála agus costais riaracháin agus íocaíochtaí cúitimh.

Costas de réir Áit Phríosúin a bhí ar fáil agus a raibh foireann ann – Gach Príosún

CINEÁL CAITEACHAIS	2010 Costas/Áit t (4,203 Áit)	2011 Costas/Áit (4,486 Áit)
Costais Athraitheacha atá bainteach le Cóiríocht	4,245	4,209
Costais Athraitheacha atá bainteach le Príosúnaigh	6,291	5,799
Costais Sheasta atá bainteach le Príosúnaigh	47,183	44,037
Costais Neamhchoinneála (Coimhdeachtaí do Phríosúnaigh san áireamh)	12,795	11,315
IOMLÁN	70,513	65,359

Costas de réir Áit Phríosúin a bhí ar fáil agus a raibh foireann ann – Príosúin Oscailte

CINEÁL CAITEACHAIS	2010 Costas/Áit (260 Áit)	2011 Costas/Áit (270 Áit)
Costais Athraitheacha atá bainteach le Cóiríocht	4,335	3,519
Costais Athraitheacha atá bainteach le Príosúnaigh	5,431	4,783
Costais Sheasta atá bainteach le Príosúnaigh	27,510	26,239
Costais Neamhchoinneála (Coimhdeachtaí do Phríosúnaigh san áireamh)	8,179	7,221
IOMLÁN	45,456	41,763

Costas de réir Áit Phríosúin a bhí ar fáil agus a raibh foireann ann – Príosúin Dhúnta

CINEÁL CAITEACHAIS	2010 Costas/Áit (3,573 Áit)	2011 Costas/Áit (3,857 Áit)
Costais Athraitheacha atá bainteach le Cóiríocht	4,036	4,155
Costais Athraitheacha atá bainteach le Príosúnaigh	6,414	5,935
Costais Sheasta atá bainteach le Príosúnaigh	47,745	44,253
Costais Neamhchoinneála (Coimhdeachtaí do Phríosúnaigh san áireamh)	13,252	11,567
IOMLÁN	71,447	65,910

Costas de réir Áit Phríosúin a bhí ar fáil agus a raibh foireann ann – Príosúin Ardslándála

CINEÁL CAITEACHAIS	2010 Costas/Áit (370 Áit)	2011 Costas/Áit (359 Áit)
Costais Athraitheacha atá bainteach le Cóiríocht	6,197	5,302
Costais Athraitheacha atá bainteach le Príosúnaigh	5,701	5,096
Costais Sheasta atá bainteach le Príosúnaigh	55,582	55,104
Costais Neamhchoinneála (Coimhdeachtaí do Phríosúnaigh san áireamh)	11,624	11,683
IOMLÁN	79,104	77,184

Maidir leis na háiteanna príosúin atá ar fáil agus a bhfuil foireann ann, tá na figiúirí ina dtaobh sin bunaithe ar an meántoilleadh leapacha i ngach foras don bhliain 2011.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

Cuirtear an t-eolas seo a leanas ar fáil de réir an Achta laistigh de na treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann le háirithiú go n-íoctar gach sonrasc laistigh den teorainn ama reachtúil. Cé go bhfuil na nósanna imeachta ceaptha le háirithiú go gcomhlíontar an tAcht, ní thugann siad ach dearbhú réasúnta, seachas dearbh-dhearbhú, in aghaidh neamhchomhlíonadh suntasach leis an Acht. Bhí na nósanna imeachta seo i bhfeidhm sa tréimhse airgeadais faoi athbhreithniú agus, i gcás íocaíochtaí déanacha, cuireadh fios ar na soláthróirí iomchuí agus íocadh an t-ús dlite leo.

De réir an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997, cuirtear an t-eolas seo a leanas ar fáil maidir leis an tréimhse airgeadais dar críoch 31 Nollaig, 2011:

(a) Cleachtais Íocaíochta

Déanann Seirbhís Phríosúin na hÉireann íocaíochtaí le soláthróirí de réir na dtéarmaí arna sonrú sna sonraisc faoi seach nó coinníollacha arna sonrú i gconarthaí aonair, más cuí. Ó 2002 i leith tréimhse de 30 lá atá sna téarmaí caighdeánacha.

(b) Íocaíochtaí Déanacha

Méid an tSonraisc	Líon na Sonrasc	Ús arna Íoc €
Faoi €317	3	17.99
Os cionn €317	97	2,101.01
Iomlán	92	2,119.00

(c) Céatadán iomlán na n-íocaíochtaí déanacha as na híocaíochtaí agus an t-ús ar fad arna íoc

Ba é 0.31% céatadán foriomlán luach sonraisc na n-íocaíochtaí déanacha as luach sonraisc na n-íocaíochtaí ar fad (gan tuarastail san áireamh). Ba é €2,119.00 an t-ús iomlán a íocadh i leith íocaíochtaí déanacha.

(d) Tionscnaimh Sheirbhís Phríosúin na hÉireann chun Ús Íoc Pras a dhíchur

Déanann Seirbhís Phríosúin na hÉireann mionanailís mhíosúil ar gach cás d'ús íoc pras, ar mhaithe leis na cúiseanna coitianta le moilleanna íocaíochta a shainaithint agus a dhíchur.

Aguisín II

Daoine faoi Choimeád faoi Phianbhreith ar 30 Samhain 2011 – Cionghrúpa arna rangú de réir fhad na pianbhreithe

	Míonna			Blana							
	< 3	3 go < 6	6 go < 12	1 go < 2	2 go < 3	3 go < 5	5 go < 10	10+	P. Saoil	Iom.	%
G1 Cionta Dúnbhásaithe	-	-	-	4	5	11	63	23	277	383	10.4
G2 Cionta Gnéasacha	-	2	4	14	28	53	116	85	11	313	8.5
G3 Iarrachtaí / Bagairtí ar Dhúnmharú, Ionsuithe, Ciapadh agus Cionta Gaolmhara	1	20	35	73	78	127	89	16	3	442	12.0
G4 Gníomhartha Dainséaracha nó Failíocha	-	8	16	21	10	21	9	-	-	85	2.3
G5 Fuadach agus Cionta Gaolmhara	-	-	-	1	2	6	16	12	-	37	1.0
G6 Robáil, Sracaireacht agus Cionta Urghabhála	-	2	5	16	9	28	28	9	-	97	2.6
G7 Buirgléireacht agus Cionta Gaolmhara	1	7	55	81	46	90	50	10	-	340	9.2
G8 Gadaíocht agus Cionta Gaolmhara	6	23	98	147	87	173	127	5	-	666	18.0
G9 Calaois, Dallamullóg agus Cionta Gaolmhara	1	5	9	12	5	4	4	1	-	41	1.1
G10 Cionta um Dhrugaí Rialaithe	4	7	32	33	64	203	338	109	-	790	21.4
G11 Cionta Arm agus Pléascán	-	6	13	21	15	48	78	19	-	200	5.4
G12 Damáiste do Mhaoín agus don Chomhshaol	1	13	32	26	11	16	11	-	-	110	3.0
G13 Cionta Oird Phoiblí agus Cóid Shóisialta	15	19	8	7	2	4	-	-	-	55	1.5
G14 Cionta Bóthair agus Tráchta	6	22	16	9	2	2	-	-	-	57	1.5
G15 Cionta in aghaidh an Rialtais, Nósanna Imeachta Ceartais agus Coireacht Eagraithe	7	6	16	3	2	11	8	1	-	54	1.5
G16 Cionta nach rangáítear faoi theideal eile	1	2	2	7	8	5	2	-	-	27	0.7
Iomlán	43	142	341	475	374	802	939	290	291	3,697	100

Fig 14. Daoine faoi choimeád faoi phianbhreith ar 30 Samhain 2011

Aguisín III

Meánlíon laethúil na bpríosúnach i ngach foras in 2011

Foras	Toilleadh Leapacha	Faoi Choimeád	Ar Scaoileadh Sealadach	Ar Athchur / Ar A dTriail
Cnoc an Arbhair	148	151	0	0
An Caisleán Riabhach	351	364	43	64
Cnoc na Seamar	431	433	12	344
Corcaigh	272	295	148	42
Luimneach (bn)	34	31	29	3
Luimneach (fr)	290	301	71	41
An Lochán	160	122	26	0
Lár Tíre	616	586	80	18
Muinseo (bn)	105	129	69	29
Muinseo (fr)	590	616	163	5
Port Laoise	359	270	5	9
Mainistir Shelton	110	102	15	0
Foras Naomh Pádraig	217	204	15	39
Aonad Oiliúna	127	115	20	0
Páirc na Cruithneachta	670	671	89	30
Iomlán	4,480	4,390	785	624

Fig 15. Meánlíon laethúil na bpríosúnach i ngach foras in 2011

Aguisín IV

Cimithe chuig Príosún ó 2001 go dtí 2011

Bliain	Iomlán	Athrú ar fhiú na bliana roimhe - %	Daoine	Athrú ar fhiú na bliana roimhe - %	Fireann	Baineann
2001	12,127		9,539		8,616	923
2002	11,860	-2.2	9,716	1.90	8,673	1,043
2003	11,775	-0.7	9,814	1.00	8,669	1,145
2004	10,657	-9.5	8,820	-10.10	7,914	906
2005	10,658	0.0	8,686	-1.50	7,780	906
2006	12,157	14.1	9,700	11.70	8,740	960
2007	11,934	-1.8	9,711	0.10	8,556	1,155
2008	13,557	13.6	10,928	12.50	9,703	1,225
2009	15,425	13.8	12,339	12.90	10,880	1,459
2010	17,179	11.4	13,758	11.50	12,057	1,701
2011	17,318	0.8	13,952	1.41	12,050	1,902

Fig 16. Cimithe chuig Príosún 2001-2011

Aguisín V

DAILY AVERAGE (in graph) = MEÁNLÍON LAETHÚIL

Meánlíon laethúil na bpríosúnach faoi choimeád 2007- 2011




Fig 17. Meánlíon laethúil na bpríosúnach faoi choimeád 2007-2011

Aguisín VI

Cimithe faoi phianbhreith 2011 Arna rangú de réir Cionghrúpa agus fhad na pianbhreithe

	Míonna			Bliana						
Cionghrúpa	< 3	3 go < 6	6 go < 12	1 go < 2	2 go < 3	3 go < 5	5 go < 10	10+	P. Saoil	Iom.
G1 Cionta Dúnbhásaithe	-	-	-	2	4	6	16	4	21	53
G2 Cionta Gnéasacha	1	8	18	15	21	24	23	11	1	122
G3 Iarrachtaí / Bagairtí ar Dhúnmharú, Ionsuithe, Ciapadh agus Cionta Gaolmhara	121	156	146	119	84	84	29	4	-	743
G4 Gníomhartha Dainséaracha nó Faillíocha	867	184	89	34	14	19	3	-	-	1,210
G5 Fuadach agus Cionta Gaolmhara	-	-	-	2	2	4	6	4	-	18
G6 Robáil, Sracaireacht agus Cionta Urghabhála	-	6	13	20	17	24	8	1	-	89
G7 Buirgléireacht agus Cionta Gaolmhara	36	79	170	90	36	56	12	1	-	480
G8 Gadaíocht agus Cionta Gaolmhara	343	273	356	192	99	112	33	2	-	1,410
G9 Calaois, Dallamullóg agus Cionta Gaolmhara	237	66	47	26	5	-	-	-	-	381
G10 Cionta um Dhrugaí Rialaithe	360	82	126	56	61	96	75	9	-	865
G11 Cionta Arm agus Pléascán	62	46	50	26	17	25	18	3	-	247
G12 Damáiste do Mhaoin agus don Chomhshaol	171	93	113	31	13	12	1	-	-	434
G13 Cionta Oird Phoiblí agus Cóid Shóisialta	1,452	210	67	10	2	4	-	-	-	1,745
G14 Cionta Bóthair agus Trácht	2,918	472	96	7	1	1	-	-	-	3,495
G15 Cionta in aghaidh an Rialtais, Nósanna Imeachta Ceartais agus Coireacht Eagraithe	1,051	66	52	3	2	4	2	-	-	1,180
G16 Cionta nach rangáítear faoi theideal eile	451	45	15	3	2	1	1	-	-	518
Iomlán	8,070	1,786	1,358	636	380	472	227	39	22	12,990
2010	7,356	2,049	1,514	453	351	420	282	44	18	12,487
Difríocht	714	-263	-156	183	29	52	-55	-5	4	503
%	9.7	-12.8	-10.3	40.4	8.3	12.4	-19.5	-11.4	22.2	4.0

Fig 18. Cimithe faoi phianbhreith de réir cionghrúpa agus fhad na pianbhreithe in 2011